**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
State Examinations Commission

# An Ardteistiméireacht, 2024

# Scéim Mharcála

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltaí faoi úsáid scéimeanna marcála foilsithe

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhíniú ceart a fháil agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh.

Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas maidir leis an réimse iomlán freagraí ó iarrthóirí, maidir le leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus maidir leis an ngá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim deiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D’fhéadfadh leaganacha difriúla nó malartacha a bheith inghlactha freisin. Ní mór do scrúdaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

**Scéimeanna Marcála sa Todhchaí**

Ba chóir go seachnaítear aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí más tuairimí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart iad. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d’fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid seo a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

- Níl na moltaí ná na samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.

An méid a leanas atá i gceist leis an bpróiseas marcála:

- Léitheoireacht agus anailís ar na freagraí go léir

- Leithdháileadh marcanna ar na comhpháirteanna de réir na scéime comhaontaithe.

## NÓTAÍ A ÚSÁIDTEAR SA MHARCÁIL

✔ CUIREANN IN IÚL AN POINTE INA RAIBH MARCANNA BRONNTA


NÍL AN T-EOLAS BAILÍ / CUIREANN IN IÚL GO RAIBH AN ROINN SEO FEICTHE AGUS LÉITE AG AN SCRÚDAITHEOIR


LEATHANACH FEICTHE AG AN SCRÚDAITHEOIR

# ROINN A

## Ceist 1

Tá 15 cheist ann nach mór d'iarrthóirí 10 cinn acu a fhreagairt.

50 marc - 10 x 5 mharc

**(a) Scríobh breac-chuntas ar phríomhdhifríocht amháin idir cearta dearfacha agus diúltacha**
**3 mharc + 2 mharc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Is ionann ceart diúltach agus saoirse *ó* rud éigin, agus is ionann ceart dearfach agus rud éigin *a dhéanamh*.
- Mar shampla, is cearta *diúltacha* iad na cearta chun saoirse cainte agus tionóil, mar gheall go gcuireann siad teorainn ar dhaoine eile do chuid saoirse a chur ar cheall
- Cur síos ar shampla ábhartha

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M | | |
| Cur síos maith | 2M | Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M | Cur síos réasúnta | 1M |

Nóta: Má thugtar 2M nó níos lú ar an gcéad phointe, marcáil an dara pointe as 3M

**(b) Mínigh an ról atá ag an gCeann Comhairle i nDáil Éireann.** **5 mharc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Cathaoirleach a dhéanamh ar dhíospóireachtaí na Dála
- Maoirseacht a dhéanamh ar vótaí agus torthaí a fhógairt
- Glacann sé/sí rialú ar an teach

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| Míniú maith | 2 - 3M |
| Míniú réasúnta | 0 - 1M |

**(c) Molann an príomh-smaointeoir Andre Gunder-Frank *Teoiric an Spleáchais* mar iarracht le míniú a thabhairt ar an gcúis a bhfanann roinnt tíortha tearcfhorbartha. Mínigh go hachomair an teoiric seo.** **5 mharc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| Míniú maith | 2 - 3M |
| Míniú réasúnta | 0 - 1M |

**(d) Scríobh anailís chriticiúil ar an bhfás atá ar an iriseoireacht saoránach i saol an lae inniu.**
**5 mharc**

| | |
|---|---|
| Anailís chriticiúil an-mhaith | 4-5M |
| Anailís chriticiúil mhaith | 2-3M |
| Anailís chriticiúil réasúnta | 0-1M |

**(e) An spreagtar daoine óga chun cearta daoine eile a chur i bhfeidhm, a chosaint agus a chur chun cinn nuair a fhoghlaimíonn siad faoi chearta daonna in ábhair amhail an Pholaitíocht agus an tSochaí?**
**Mínigh do fhreagra.** **5 mharc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| Míniú maith | 2 - 3M |
| Míniú réasúnta | 0 - 1M |

**(f) Déan trácht ar an teachtaireacht san íomhá seo i gcomhthéacs cearta leanaí i saol an lae inniu.** **5 mharc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh / Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine
- An ceart chun oideachais
- Cur síos ar shampla ábhartha

| | |
|---|---|
| Tráchtaireacht an-mhaith | 4 - 5M |
| Tráchtaireacht mhaith | 2 - 3M |
| Tráchtaireacht réasúnta | 0 - 1M |

**(g) Déan cur síos ar an fheidhm atá le forógra sa pholaitíocht pháirtí.** **5 mharc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Fís nó rún don rialtas a leagan amach
- Chun polasaithe páirtithe a mhíniú

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| Cur síos maith | 2 - 3M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

**(h) Déan trácht ar chur i láthair na teachtaireachta san íomhá seo i gcomhthéacs na géarchéime aeráide.**
**5 mharc**

| | |
|---|---|
| Tráchtaireacht an-mhaith | 4 - 5M |
| Tráchtaireacht mhaith | 2 - 3M |
| Tráchtaireacht réasúnta | 0 - 1M |

**(i) Déan cur síos ar dhá ghné a bhaineann le stát daonlathach.** **3 mharc + 2 mharc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Freagrach as bunchearta daonna
- Ceart chun vótála
- Dlí agus ord
- Na meáin shaora agus oscailte
- Seiceanna agus iarmhéideanna
- Cur síos ar shampla ábharth

**Glac le gnéithe ábhartha eile**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M | Cur síos maith | 2M |
| Cur síos maith | 2M | Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos réasúnta | 1M | | |

Nóta: Má thugtar 2M nó níos lú ar an gcéad phointe, marcáil an dara pointe as 3M

**(j) Tabhair dhá shampla den tslí a dtreisíonn córas oideachais na hÉireann féiniúlacht Éireannach.** **5 mharc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:
- Ábhar m.sh. an Ghaeilge, Stair, Ceol, Corpoideachas
- Tábhacht an chreidimh i scoileanna

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Sampla 1** | Sampla an-mhaith | 3M | **Sampla 2** | |
| | Sampla maith | 2M | Sampla maith | 2M |
| | Sampla measartha | 1M | Sampla measartha | 1M |

Nóta: Má thugtar 2M nó níos lú ar an gcéad phointe, marcáil an dara pointe as 3M

**(k) Déan cur síos ar dhá bhealach a bhféadfadh duine a bheith ina S(h)eanadóir i Seanad Éireann.** **5 mharc**

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- 11 ainmnithe ag an Taoiseach
- 6 roghnaithe ag céimithe Ollscoil na hÉireann agus Choláiste na Tríonóide
- 43 roghnaithe ag TDanna, comhaltaí den Seanad atá ag dul as oifig agus comhaltaí de Chomhairlí Contae

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Sampla 1** | Cur síos an-mhaith | 3M | **Sampla 2** | |
| | Cur síos maith | 2M | Cur síos maith | 2M |
| | Cur síos réasúnta | 1M | Cur síos réasúnta | 1M |

Nóta: Má thugtar 2M nó níos lú ar an gcéad phointe, marcáil an dara pointe as 3M

**(l) Cad iad na príomhchonclúidí i dtaca leis na meáin is féidir leat a bhaint as na staitisticí thíos?** **5 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Conclúid an-mhaith | 3M | Conclúid mhaith | 2M |
| Conclúid mhaith | 2M | Conclúid mheasartha | 1M |
| Conclúid mheasartha | 1M | | |

Nóta: Má thugtar 2M nó níos lú ar an gcéad phointe, marcáil an dara pointe as 3M

**(m) Scríobh breac-chuntas achomair ar an gcaidreamh atá idir impiriúlachas an Iarthair agus teoiric an *Oirthearachais* a cheap Edward Said.5 mharc**

| | |
|---|---|
| Imlíne an-mhaith | 4 - 5M |
| Imlíne mhaith | 2 - 3M |
| Imlíne réasúnta | 0 - 1M |

(n) D'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) torthaí i mí Feabhra 2023 ón *Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC)*, 2022. Fuarthas amach ann go bhfuil ceithre oiread d'ioncam ag an 20% is saibhre in Éirinn ná mar atá d'ioncam ag an 20% is boichte.
Cad a thugann an staitistic seo le tuiscint faoin tsochaí in Éirinn sa lá atá inniu ann? 5 mharc

D'fhéadfaí le freagraí tagairt a dhéanamh do:

- Neamhionannas eacnamaíoch sa tsochaí
- Easpa ceartais shóisialta
- Éire mar shochaí bunaithe ar aicme
- Cur síos ar shampla ábhartha

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 4 - 5M |
| Míniú maith | 2 - 3M |
| Míniú réasúnta | 0 - 1M |

**(o) Déan cur síos achomair ar a bhfuil i gceist le dearcadh polaitiúil ar an eite chlé nó ar an eite dheis a bheith ag duine.** **5 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| Cur síos maith | 2 - 3M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

# ROINN B

## Ceist 2 – 150 marc

**(a) Cad iad na láidreachtaí agus na teorainneacha a bhaineann leis an modheolaíocht a úsáideadh chun sonraí a bhailiú i nDoiciméad A?**

**10 marc**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 8 - 10M |
| Cur síos maith | 4 - 7M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 3M |

**(b) Déan trácht ar chur i láthair na sonraí i nDoiciméad B.** **10 marc**

| | |
|---|---|
| Tráchtaireacht an-mhaith | 8 - 10M |
| Tráchtaireacht mhaith | 4 - 7M |
| Tráchtaireacht réasúnta | 0 - 3M |

**(c) Déan trácht ar ionadaíocht reatha na mban sa pholaitíocht mar a leagtar amach í sa dá dhoiciméad.** **20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| Tráchtaireacht an-mhaith | **16 - 20M** | trácht neamhspleách, léirsteanach le húsáid a bhaint as an dá dhoiciméad |
| Tráchtaireacht mhaith | **11 - 15M** | trácht ábhartha ach gan léargas, gan tagairt ach do dhoiciméad amháin |
| Tráchtaireacht réasúnta | **6 - 10M** | teoranta, easpa soiléireachta |
| Trácht lag | **0 - 5M** | frithráiteach nó mearaithe |

**(d) De réir an dá dhoiciméad, cén tábhacht a bhainfeadh leis na cuótaí a leathnú go dtí na toghcháin áitiúla?** **20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| An mhaith | **16 - 20M** | trácht neamhspleách, léirsteanach le húsáid a bhaint as an dá dhoiciméad |
| Maith | **11 - 15M** | trácht ábhartha ach gan léargas, gan tagairt ach do dhoiciméad amháin |
| Réasúnta | **6 - 10M** | teoranta, easpa soiléireachta |
| Lag | **0 - 5M** | frithráiteach nó mearaithe |

**(e) Déan measúnú ar thábhacht na sonraí sa dá dhoiciméad i dtaca le cinnteoirí agus lucht déanta polasaithe.** **20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| Freagra an-mhaith | **16 - 20M** | meastóireacht shoiléir, chruinn, léirsteanach |
| Freagra maith | **11 - 15M** | ábhartha ach gan léargas |
| Freagra réasúnta | **6 - 10M** | teoranta, easpa soiléireachta |
| Freagra lag | **0 - 5M** | meastóireacht fhrithráiteach nó mhearaithe |

**(f) Agus úsáid á baint agat as an dá dhoiciméad, déan plé ar na bacainní agus ar na dúshláin atá roimh mhná ar mhaith leo dul leis an bpolaitfocht mar ghairm agus ionadaíocht a dhéanamh ar son a bpobal ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó Eorpach.**
**20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| Freagra an-mhaith | **16 - 20M** | plé neamhspleách, léirsteanach le húsáid a bhaint as an dá dhoiciméad |
| Freagra maith | **11 - 15M** | plé ábhartha, ach easpa léargais le húsáid a bhaint as an dá dhoiciméad |
| Freagra réasúnta | **6 - 10M** | teoranta, easpa soiléireachta, úsáid teoranta an dá dhoiciméad |
| Freagra lag | **0 - 5M** | frithráiteach nó mearaithe, úsáid teoranta an dá dhoiciméad |

**(g) Agus úsáid á baint agat as an eolas sa dá dhoiciméad agus as an ráiteas thíos ó Dhoiciméad B, déan anailís chriticiúil ar úsáid cuótaí chun dul i ngleic leis an éagrothroime inscne i gcóras polaitíochta na hÉireann.** **50 marc**

**Critíc** **(30 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| An-Mhaith | **24 - 30M** | fócasaithe, léargasach |
| Maith | **17 - 23M** | comhleanúnach, ábhartha |
| Réasúnta | **9 - 16M** | teoranta, lochtach |
| Lag | **0 - 8M** | mearaithe, míchruinn. |

**Úsáid as doiciméid** **(20 marc)**

| | | |
|---|---|---|
| An-Mhaith | **16 - 20M** | úsáid chuimsitheach as doiciméid |
| Maith | **11 - 15M** | úsáid bhunúsach as doiciméid |
| Réasúnta | **6 - 10M** | úsáid theoranta as doiciméid |
| Lag | **0 - 5M** | tá úsáid na ndoiciméad doiléir nó míchruinn. |

## Roinn C

**Aiste dhioscúrsach a mharcáil:**

1. Léigh an aiste go léir gan aon mharcanna a bhronnadh.
2. Marcáil an aiste ag baint úsáid as an gcritéir marcála agus cur na marcanna le chéile.
3. Déan athbhreithniú ar an marc iomlán a bhronntar ag baint úsáid as na tuairiscíní banda gráid.
4. Chun an t-athbhreithniú mairc iomláin a chur i gcrích arís ag baint úsáid as an gcritéir.

# Critéir Mharcála

| | Sármhaith | An-mhaith | Maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá (I)** | Tugtar go díreach faoin gceist, soiléirítear í agus cuirtear i gcomhthéacs í. | Tugtar go díreach faoin gceist agus cuirtear í i gcomhthéacs. | Tugtar faoin gceist go réasúnta ach le beagán comhthéacsaithe. | Tugtar faoin gceist go neamhshoiléir gan comhthéacsú ar bith. | Ní thuigtear an cheist go pointe nó amach is amach. |
| **10 marc** | **9 - 10** | **7 - 8** | **5 - 6** | **3 - 4** | **0 - 2** |
| **Eolas (K)** | Tuiscint shoiléir chriticiúil. Eolas fairsing ar an gceist. | Aiste loighciúil an-mhaith bunaithe ar eolas agus tuiscint chuimsitheach ar an gceist. Níl earráidí suntasacha ar bith nó aon rud fágtha ar lár. | Aiste réasúnta bunaithe ar bhuneolas ach is beag an tuiscint ar an gceist. Beagán earráidí agus rudaí fágtha ar lár ann. | Aiste mhearaithe bunaithe ar leath-thuiscint den cheist. Tá earráidí suntasacha agus cuid mhór rudaí fágtha ar lár. | Léiríonn aiste lag beagán eolais nó gan eolas ar bith ar an gceist. D'fhéadfaí leis an eolas a bheith mícheart nó frithráiteach. |
| **20 marc** | **18 - 20** | **14 - 17** | **10 - 13** | **5 - 9** | **0 - 4** |
| **Fianaise (E)** | Aithnítear agus ceistítear go héasca réimse leathan foinsí fianaise atá ábhartha, údarásach agus inchreidte. | Aithnítear agus ceistítear réimse dóthanach fianaise atá ábhartha, údarásach agus inchreidte. | Aithnítear agus ceistítear réimse teoranta fianaise le spleáchas foriomlán ar shonraí gan chruthú. | Tá an fhianaise atá curtha i láthair simplíoch nó mearaithe. Níl ach baint dhoiléir ag an fhianaise leis an topaic. | Níl ach beagán fianaise nó gan fianaise ar bith curtha ar fáil / ní bhaineann an fhianaise don cheist. |
| **20 marc** | **18 - 20** | **14 - 17** | **10 - 13** | **5 - 9** | **0 - 4** |
| **Anailís & Sintéis (A)** | Argóint shármhaith bunaithe ar anailís chriticiúil agus grinn ar an bhfianaise. | Argóint an-mhaith bunaithe ar anailís chriticiúil agus grinn ar an bhfianaise. | Argóint mhaith bunaithe ar anailís bhunúsach den fhianaise. | Tá an argóint lochtach le fianaise theoranta ar anailís/anailís fhánach le míchruinneas suntasach. | Tá an argóint curtha le chéile go dona, mearaithe nó míloighciúil. Tá an anailís lag. |
| **15 mharc** | **13 - 15** | **10 - 12** | **7 - 9** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Meastóireacht (V)** | Comhtháthaítear peirspictíochtaí comparáideacha / malartacha go cuimsitheach. Tagtar ar chonclúidí léirsteanacha, neamhspleácha agus tugtar údar lena s(h)easamh féin go muiníneach. | Comhtháthú an-mhaith ar dhearcthaí comparáideacha/malartacha ar an argóint. Conclúidí neamhspleácha an-mhaith cruthaithe & a seasamh féin comhfhadaithe. | Comhtháthú an-mhaith ar dhearcthaí comparáideacha/malartacha ar an argóint. Tagtar ar chonclúidí neamhspleácha agus tugtar údar tugtar lena s(h)easamh féin. | Comparáideach teoranta / tuairimí agus dearcthaí malartacha. Conclúidí teoranta neamhspleácha & ar an údar dá seasamh féin. | Gan tuairimí ná dearcthaí comparáideacha ar bith. Gan conclúidí neamhspleácha nó gan údar lena s(h)easamh féin. |
| **15 mharc** | **13 - 15** | **10 - 12** | **7 - 9** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Comhtháthú (C)** | Tá an t-eagrúchán agus bainistíocht ar thuairimí agus dearcadh sármhaith. | Tá an t-eagrúchán agus bainistíocht ar thuairimí agus dearcadh an-mhaith. | Tá an t-eagrúchán agus bainistíocht ar smaointe bunúsach. | Eagrúchán agus bainistíocht theoranta ar smaointe agus iad mearaithe. | Tá easpa struchtúir, eagrúcháin, comhleanúnachais, béime, |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Béim agus soiléire sármhaith tríd is tríd.<br>Struchtúr sármhaith | Béim agus soiléire an-mhaith ar fud.<br>Struchtúr an-mhaith. | Struchtúr réasúnta | Struchtúr lag. | comhthéacs agus soiléire san aiste. |
| **20 marc** | **18 - 20** | **14 - 17** | **10 - 13** | **5 - 9** | **0 - 4** |

| **H1<br>90 + 100 Marc** | **H2<br>80 - 89 Marc** | **H3<br>70 - 79 Marc** | **H4<br>60 - 69 Marc** | **H5<br>50 - 59 Marc** | **H6<br>40 + 49 Marc** | **H7<br>30 - 39 Marc** | **H8<br>0 - 29 Marc** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Tá an freagra ciallmhar; struchtúr maith ann agus tugann an fhianaise éagsúla, ábhartha agus cruinn tacaíocht do ag baint úsáid as fianaise chomparáideach.<br><br>Tá eolas cuimsitheach ar riachtanais an taisc shoiléir chomh maith le tuiscint agus smaointeoireacht neamhspleách.<br><br>Tá an rannpháirtíocht ar an ábhar domhain agus tá údar cuimsitheach tugtha leis na breithiúnais agus na conclúidí a thugtar.<br><br>Léiríonn an freagra seo eolas mionsonraithe bunaithe ar | Díríonn an freagra go soiléir agus go stuama ar an gceist a gcuirtear.<br><br>Tá struchtúr an-mhaith ag na hargóintí agus iad tacaithe comhaontaithe ag fianaise ábhartha, cruinn agus éagsúla.<br><br>Tá na pointí eagraithe go fíormhaith agus tá argóint chiallmhar an-mhaith curtha i láthair le dearcthaí comparáideacha.<br><br>Tá rannpháirtíocht chriticiúil an-mhaith leis an ábhar.<br><br>Breithiúnais agus conclúidí neamhspleácha curtha ar fáil agus le húdar réasúnta. | Díríonn an freagra go soiléir ar an gceist a socraíodh.<br><br>Tuigtear go breá le héilimh na ceiste.<br><br>Tugtar tacaíocht mhaith do phointí le fianaise chruinn agus ábhartha go hiondúil.<br><br>Tá na pointí eagraithe go maith agus tá argóint chiallmhar curtha.<br><br>Tá fianaise de rannpháirtíocht chriticiúil leis an ábhar agus tá údar réasúnta ag na breithiúnais agus conclúidí atá curtha ar fáil. | Léiríonn an fhreagairt tuiscint bhunúsach ar an gceist.<br><br>Tugann an fhreagairt aghaidh go réasúnta ar an gceist a leagadh síos.<br><br>Eolas bunúsach ar an gceist.<br><br>Tá na pointí a dhéanfar ábhartha agus beidh siad tacaithe ag roinnt tagairtí bailí agus léaráid.<br><br>D'fhéadfaí áfach, go bhfuil na pointí fágtha ina n-aonair agus níl siad comhtháite ina iomláine isteach in argóint chomhaontaithe.<br><br>Beidh roinnt breithiúnas agus | Léiríonn na freagraí go dtuigtear an cheist go measartha maith<br><br>Eolas teoranta ar an gceist agus déanann na freagraí pointí éiginnte agus is beag an fhianaise a úsáidtear atá bailí agus oiriúnach.<br><br>Tá na pointí a rinneadh teoranta agus ní dhéantar forbairt ar an bhfianaise go hargóint láidir agus comhaontuithe.<br><br>Rannpháirtíocht chriticiúil theoranta leis an ábhar agus bíonn easpa conclúidí atá comhaontuithe agus neamhspleách sna freagraí dá bharr. | Léiríonn na freagraí nach dtuigtear an cheist ach go pointe áirithe.<br><br>Tá easpa béime soiléire sa fhreagra agus beidh nós aige imeacht ón bpointe nó ó phointe go pointe.<br><br>Tógann an achoimre agus athrá áit an phlé go minic.<br><br>Eolas teoranta ar an gceist le fíorbheagán fianaise chun tacaíocht a thabhairt do na pointí atá déanta.<br><br>Tá rannpháirtíocht chriticiúil teoranta nó níos aon rannpháirtíocht leis an ábhar.<br><br>Tá na breithiúnais agus conclúidí a chuirtear ar fáil neamhchinnte le fíorbheagán údair. | Léiríonn an freagra gur tuigeadh na ceisteanna go pointe áirithe agus go bhfuil an bhéim an bhfreagra go dona.<br><br>D'fhéadfaí cúpla pointe bailí a gcuirtear in iúl ach níl nasc eatarthu d'aon ghnó chun argóint a dhéanamh agus nach bhfuil fianaise ar bith ann chun tacú leis na freagraí atá déanta.<br><br>Níl fianaise ar bith ann de rannpháirtíocht chriticiúil leis an ábhar.<br><br>Ní dhearna an t-iarrthóir breithiúnas, níor chruthaigh siad conclúidí neamhspleácha nó níor chuir siad údar | Léiríonn an freagra go dtuigtear an cheist go dona nó ní thuigfear an cheist in aon chór.<br><br>Freagra an-dona nach gcuirtear, ar an gcuid is fearr de, ach píosaí scríobtha d'eolas le beagán nó gan pointí ábhartha ar bith.<br><br>Ní chuirtear argóintí nó fianaise ar bith ar fáil chun tacaíocht a thabhairt ar éilimh ar bith atá déanta.<br><br>Tá an freagra an-dona agus tá easpa béime agus tá an léitheoir mearaithe.<br><br>D'fhéadfaí le cúpla pointe a bheith míchruinn amach is amach nó neamhábhartha leis an gceist. |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| smaointeoireacht chriticiúil, léargas domhain, béim ghéar, argóint chumasach agus tá fianaise agus foinsí ag tabhairt tacaíocht do. | | | conclúidí neamhspleácha curtha ar fáil le beagán údair. | | D'fhéadfaí athléamh a bheith riachtanach chun an chiall a thuiscint. | ar fáil ar a dtuairim nó seasamh féin. | |

**Nóta: Bí cúramach gan phionós a ghearradh ar ghiorracht sciliúil, ná cúiteamh d'fhad gan údar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

# TUAIRISC TIONSCADAIL SAORÁNACHTA

**Réasúnaíocht agus taighde**

- Mínigh an chúis leis an ngníomh atá roghnaithe agat a dhéanamh.
- Tabhair cuntas soiléir ar aidhmeanna an tionscadail saoránachta, na modhanna roghnaithe chun na haidhmeanna seo agus an plean gnímh a bhaint amach. Sa chás go bhfuil tionscadal grúpa ar bun, aithnítear aidhmeanna an dá ghrúpa don tionscadal agus na haidhmeanna a bhí agat mar dhuine chun do ról a chomhlíonadh.
- Achoimre a thabhairt ar an taighde a dhéantar lena n-áirítear na príomhthorthaí taighde (sonraí) a chur an gníomh ar an eolas. Déan trácht ar na foinsí eolais a bhaintear úsáid as chun an ngníomh a chur ar an eolas ar rudaí ar nós ábhair gréasánbhunaithe, litríocht, agallaimh, agus foinsí eile.
- Déan cinnte go gcuireann tú tagairtí iomlána sa roinn *Tagairtí agus Leabharliosta* ag deireadh na tuairisce.

**An tionscadal saoránacht a chur i bhfeidhm**

- Achoimre ar na gníomhartha a rinneadh leis an tionscadal a dhéanamh a chur ar fáil. Sa chás go bhfuil tionscadal grúpa i gceist, déan idirdhealú idir gníomhartha an ghrúpa agus do ghníomhartha aonair ag baint úsáid as "muid" nó "mise" de réir mar is cuí.
- Déan anailís ar ghnéithe éagsúla an phlean gnímh, lena n-áirítear dúshláin ar bith a casadh air agus conas a chuathas i ngleic leis na dúshláin seo
- Déan cur síos ar thorthaí an tionscadail.

**Machnamh a dhéanamh ar na scileanna a fuarthas agus na scileanna a forbraíodh**

- Machnamh a dhéanamh go géar ar an léargas pearsanta agus an t-eolas a d'fhoghlaim tú faoin ábhar seo ó thosaigh tú an tionscadal.
- Aithnítear agus déantar cur síos ar na scileanna a chuir tú forbairt orthu trí d'obair ar an tionscadal seo le tagairt áirithe a dhéanamh ar d'obair le daoine eile agus a bheith éifeachtach go pearsanta.
- Míniú go gonta an ról a bhíonn ag machnamh, aiseolas ó dhaoine eile, agus an fhoghlaim ón gcúrsa ort agus an tionscadal le déanamh agat.

## TIONSCADAL SAORÁNACHTA – ROINN A

**Réasúnaíocht agus Taighde** **35 marc**

**Míniú ar an réasúnaíocht**

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith | 6 - 7M | |
| An-Mhaith | 4 - 5M | **(7 marc)** |
| Maith | 2 - 3M | |
| Réasúnta | 0 - 1M | |

**Aidhmeanna an tionscadail le plean gnímh a leagann na modhanna amach atá ag teastáil chun na haidhmeanna seo a bhaint amach**

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith | 10 - 12M | |
| An-Mhaith | 7 - 9M | **(12 mharc)** |
| Maith | 4 - 6M | |
| Réasúnta | 0 - 3M | |

**Achoimre ar an méid a aimsiú agus na foinsí**

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith | 10 - 12M | |
| An-Mhaith | 7 - 9M | **(12 mharc)** |
| Maith | 4 - 6M | |
| Réasúnta | 0 - 3M | |

**Tagairtí agus Leabharliosta** - Cúl an leabhráin a sheiceáil **(4 mharc)**

## TIONSCADAL SAORÁNACHTA - ROINN B

**An tionscadal saoránacht a chur i bhfeidhm** **45 marc**

**Achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinneadh (Muid / Mé féin)**

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith | 12 - 15M | |
| An-Mhaith | 8 - 11M | **(15 mharc)** |
| Maith | 4 - 7M | |
| Réasúnta | 0 - 3M | |

**Anailís chriticiúil ar an bplean gnímh**

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith | 12 - 15M | |
| An-Mhaith | 8 - 11M | **(15 mharc)** |
| Maith | 4 - 7M | |
| Réasúnta | 0 - 3M | |

**Torthaí**

| | | |
|---|---|---|
| Sármhaith | 12 - 15M | |
| An-Mhaith | 8 - 11M | **(15 mharc)** |
| Maith | 4 - 7M | |
| Réasúnta | 0 - 3M | |

## TIONSCADAL SAORÁNACHTA - ROINN C

**Machnamh a dhéanamh ar na scileanna a fuarthas agus na scileanna a forbraíodh** **20 marc**

**Eolas agus léargas faoin gceist**

| | | |
|---|---|---|
| An-Mhaith | 5 - 6M | |
| Maith | 3 - 4M | **(6 mharc)** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |

**Scileanna**

| | | |
|---|---|---|
| An-Mhaith | 5 - 6M | |
| Maith | 3 - 4M | **(6 mharc)** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |

**Frithchaitheamh**

| | | |
|---|---|---|
| An-Mhaith | 4M | |
| Maith | 3M | **(4 mharc)** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |

**Aiseolas agus foghlaim**

| | | |
|---|---|---|
| An-Mhaith | 4M | |
| Maith | 3M | **(4 mharc)** |
| Réasúnta | 0 - 2M | |